2025/2495

5.12.2025

CINNEADH (CBES) 2025/2495 ÓN gCOISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA

an 2 Nollaig 2025

lena gcuirtear síneadh le sainordú an Chinn Misin ar Mhisean Faireacháin an Aontais Eorpaigh sa tSeoirsia (EUMM Georgia) (EUMM Georgia/1/2025)

TÁ AN COISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 38, an tríú mír, de,

Ag féachaint do Chinneadh 2010/452/CBES ón gComhairle an 12 Lúnasa 2010 maidir le Misean Faireacháin an Aontais Eorpaigh sa tSeoirsia, EUMM Georgia ([1]), agus go háirithe Airteagal 10(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 10(1) de Chinneadh 2010/452/CBES, údaraítear an Coiste Polaitiúil agus Slándála, i gcomhréir le hAirteagal 38, an tríú mír, den Chonradh, na cinntí ábhartha a ghlacadh chun rialú polaitiúil agus stiúradh straitéiseach Mhisean Faireacháin an Aontais Eorpaigh sa tSeoirsia (EUMM Georgia) a fheidhmiú, lena n-áirítear an cinneadh Ceann Misin a cheapadh, ar thogra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála ('an tArdionadaí').

(2) An 26 Márta 2024, ghlac an Coiste Polaitiúil agus Slándála Cinneadh (CBES) 2024/1032 ([2]), lena gceaptar Bettina BOUGHANI ina Ceann Misin ar EUMM Georgia ón 1 Aibreán 2024 go dtí an 14 Nollaig 2024.

(3) An 2 Nollaig 2024, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2024/2988 ([3]), lena gcuirtear síneadh le sainordú EUMM Georgia go dtí an 14 Nollaig 2026.

(4) An 10 Nollaig 2024, ghlac an Coiste Polaitiúil agus Slándála Cinneadh (CBES) 2024/3155 ([4]), lena gcuirtear síneadh le sainordú Bettina BOUGHANI mar Cheann Misin ar EUMM Georgia ón 15 Nollaig 2024 go dtí an 14 Nollaig 2025.

(5) An 3 Samhain 2025, mhol an tArdionadaí go gcuirfí síneadh le sainordú Bettina BOUGHANI mar Cheann Misin ar EUMM Georgia ón 15 Nollaig 2025 go dtí an 31 Márta 2026,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, cuirtear síneadh le sainordú Bettina BOUGHANI mar Cheann Misin ar Mhisean Faireacháin an Aontais Eorpaigh sa tSeoirsia (EUMM Georgia) ón 15 Nollaig 2025 go dtí an 31 Márta 2026.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 2 Nollaig 2025.

Thar ceann an Choiste Pholaitiúil agus Slándála

An Cathaoirleach

D. PRONK

([1]) IO L 213, 13.8.2010, lch. 43, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2010/452/oj.

([2]) Cinneadh (CBES) 2024/1032 ón gCoiste Polaitiúil agus Slándála an 26 Márta 2024 maidir le Ceann Misin ar Mhisean Faireacháin an Aontais Eorpaigh sa tSeoirsia a cheapadh (EUMM Georgia) (EUMM GEORGIA/1/2024) (IO L, 2024/1032, 2.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/1032/oj).

([3]) Cinneadh (CBES) 2024/2988 ón gComhairle an 2 Nollaig 2024 lena leasaítear Cinneadh 2010/452/CBES maidir le Misean Faireacháin an Aontais Eorpaigh sa tSeoirsia, EUMM Georgia (IO L, 2024/2988, 3.12.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/2988/oj).

([4]) Cinneadh (CBES) 2024/3155 ón gCoiste Polaitiúil agus Slándála an 10 Nollaig 2024 lena gcuirtear síneadh le sainordú an Chinn Misin ar Mhisean Faireacháin an Aontais Eorpaigh sa tSeoirsia a cheapadh (EUMM Georgia) (EUMM Georgia/2/2024) (IO L, 2024/3155, 12.12.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/3155/oj).